Parlaimint na hEorpa
2024-2029

TÉACSANNA ARNA nGLACADH

P10_TA(2025)0220

Slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú: iarratas EGF/2025/001 BE/BelGaN - an Bheilg

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 8 Deireadh Fómhair 2025 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/001 BE/BelGaN (COM(2025)0157 – C10-0188/2025 – 2025/0198(BUD))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0157 – C10-0188/2025),

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013[1] ('Rialachán CED'),

– ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[2] arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765[3], agus go háirithe Airteagal 8 de,

– ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an

---

1 IO L 153, 3.5.2021, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/691/oj.

2 IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj.

3 Rialachán (AE, Euratom) 2024/765 ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L, 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj). http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/io).

Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, le comhar in ábhair bhuiséadacha agus le bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach[4], agus go háirithe pointe 12 de,

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A10-0163/2025),

A. de bhrí go bhfuil ionstraimí reachtacha agus buiséadacha curtha ar bun ag an Aontas chun tacaíocht bhreise a thabhairt d'oibrithe atá thíos leis na mórathruithe struchtúracha i bpatrúin trádála domhanda nó atá thíos leis an ngéarchéim dhomhanda airgeadais agus eacnamaíochta, agus chun cúnamh a thabhairt maidir lena n-ath-imeascadh sa mhargadh saothair; de bhrí go gcuirtear an cúnamh sin ar fáil trí thacaíocht airgeadais a thugtar d'oibrithe agus na comhlachtaí inar oibrigh siad;

B. de bhrí gur chuir an Bheilg iarratas EGF/2025/001 BE/BelGaN isteach ar ranníocaíocht airgeadais ón gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED), tar éis do 417 n-iomarcaíocht san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi NACE Athbhreithniú 2, Rannán 26 (Monarú táirgí ríomhaireachta, leictreonacha agus optúla), i réigiún Oost-Vlaanderen (BE23), laistigh de thréimhse thagartha 4 mhí don iarratas ón 31 Iúil 2024 go dtí an 30 Samhain 2024;

C. de bhrí go bhfuil an t-iarratas bunaithe ar na critéir idirghabhála in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED, lena gceanglaítear go scoirfí de ghníomhaíocht 200 oibrí iomarcach nó duine féinfhostaithe ar a laghad thar thréimhse thagartha 4 mhí, i bhfiontar i mBallstát, lena n-áirítear oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht a bhí ag soláthraithe agus ag táirgeoirí iartheachtacha;

D. de bhrí go raibh tionchar ag cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus ag an mboilsciú atá ag dul i méid ar chostas an fhuinnimh, na n-ábhar agus na saothair, rud a mhéadaíonn an brú ar chorrlaigh BelGaN;

E. de bhrí go raibh BelGaN speisialaithe i monarú leathsheoltóirí don earnáil mótarfheithiclí; de bhrí go bhfuil brú gan fasach roimh thionscal gluaisteán agus soláthróirí na hEorpa ó dhúshláin sheachtracha agus inmheánacha araon, amhail saobhadh ar an iomaíocht agus costais arda fuinnimh;

F. de bhrí gur tháinig laghdú suntasach ar bhrabúsacht na cuideachta mar gheall ar shrianta ar shreabhadh airgid mar thoradh ar an

---

[4] IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2020/1222/oj.

aistriú ó shliseanna sileacan-bhunaithe go teicneolaíocht nítríde gailliam (GaN), ar cuireadh bac uirthi mar gheall ar chostais arda táirgeachta agus infheistíochtaí neamhleora le linn na hidirthréimhse;

G. de bhrí go ndearna BelGaN iarratas ar fhéimheacht an 30 Iúil 2024;

H. de bhrí go bhfuil na seirbhísí fostaíochta Pléimeannacha (VDAB[5]) ag soláthar réamh-mhaoiniú agus chómhaoiniú náisiúnta na mbeart;

I. de bhrí gur lean an chuideachta, i gcomhréir le dlí na Beilge, an nós imeachta éigeantach maidir le hionadaithe oibrithe a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leo; de bhrí nach bhfuil feidhm ag an gceanglas maidir le haonad fostaíochta a bhunú, arb é is cuspóir dó seirbhísí socrúcháin sheachtraigh a chur ar fáil d’oibrithe a leagadh as i gcomhthéacs iomarcaíochtaí comhchoiteanna, i gcás féimheachta agus, dá bhrí sin, gur sholáthair VDAB seirbhísí socrúcháin sheachtraigh;

J. de bhrí gur cheart ranníocaíochtaí airgeadais ó CED a dhíriú go príomha ar bhearta gníomhacha beartais maidir leis an margadh saothair agus ar sheirbhísí pearsantaithe a bhfuil sé mar aidhm leo tairbhithe a ath-imeascadh go tapa i bhfostaíocht chuibhiúil agus inbhuanaithe laistigh dá n-earnáil gníomhaíochta tosaigh nó lasmuigh di, agus iad á n-ullmhú do gheilleagar Eorpach níos glaise agus níos digití;

K. de bhrí nach sáróidh CED uasmhéid bliantúil EUR 30 milliún (i bpraghsanna 2018), mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2024/765.

1. ag aontú leis an gCoimisiún go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán CED comhlíonta agus go bhfuil an Bheilg i dteideal EUR 931 690 de ranníocaíocht airgeadais a fháil faoin Rialachán sin, arb ionann í agus 85 % den chostas iomlán de EUR 1 096 107, a chuimsíonn EUR 1 052 607 de chaiteachas ar sheirbhísí pearsantaithe agus EUR 43 500 de chaiteachas ar ghníomhaíochtaí ullmhúcháin, bainistíochta, faisnéise agus poiblíochta, rialaithe agus tuairiscithe;

2. ag tabhairt dá haire gur chuir údaráis na Beilge an t-iarratas isteach an 21 Feabhra 2025, agus, tar éis don Bheilg faisnéis bhreise a chur ar fáil, gur chuir an Coimisiún bailchríoch ar a mheasúnú an 7 Iúil 2025, nach mór 5 mhí ina dhiaidh sin, agus gur thug sé fógra do Pharlaimint na hEorpa faoi an 26 Lúnasa 2025; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an t-am idir cur isteach iarratais ar chúnamh CED agus an cinneadh maoiniúcháin a laghdú; á chur i bhfios go láidir gur gá nósanna imeachta inmheánacha a shimpliú agus dlús a chur leo gan an bonn a bhaint ó chothromaíocht institiúideach, go háirithe

---

5 Vlaamse Dienst voor Arbeidsbemiddeling en Beroepsopleiding.

cearta Pharlaimint na hEorpa mar údarás buiséadach;

3. ag tabhairt dá haire go mbaineann an t-iarratas le 417 dtairbhí spriocdhírithe, a cuireadh ar iomarcaíocht sa chuideachta BelGaN;

4. á chur i bhfios gur bhrúigh iomarcaíochtaí BelGaN an ráta dífhostaíochta bliantúil go + 9 % i gcríoch Oudenaarde, go háirithe i measc na n-oibrithe dífhostaithe ardoilte agus meánoilte; ag tabhairt dá haire, ag an am céanna, gur tháinig laghdú 22 % ar na folúntais post sa cheantar, mar gheall ar mhéadú suntasach ar líon na bhfiontar a rinne iarratas ar fhéimheacht le 3 bliana anuas;

5. á mheabhrú gurb iad na gníomhaíochtaí seo a leanas atá sna seirbhísí pearsantaithe atá le soláthar d'oibrithe: seisiúin faisnéise, socrúchán seachtrach, oiliúint agus athoiliúint, oiliúint san ionad oibre, aonach fostaíochta, cúnamh chun post a chuardach, scabhtáil fostaíochta agus meaitseáil poist agus é mar chuspóir a chur ar chumas oibrithe dul isteach arís sa mhargadh saothair a luaithe is féidir, scileanna agus oiliúint ardcháilíochta a thabhairt dóibh atá ábhartha d'fhostóirí ionchasacha san earnáil, agus a gcumas tionscnaimh fiontraíochta agus tionscadail nua a fhorbairt á chothú ag an am céanna; á chur i bhfáth, sa chomhthéacs sin, go bhfuil lucht saothair dea-oilte ríthábhachtach do gheilleagar Eorpach a sheasfaidh an aimsir;

6. á iarraidh go ndéanfaí meastóireachtaí críochnaitheacha cuimsitheacha ar na bearta a cuireadh chun feidhme, lena n-áirítear sonraí maidir le líon na n-oibrithe a ath-imeascadh go rathúil san fhostaíocht agus aiseolas ó thairbhithe maidir le cáilíocht agus ábharthacht na tacaíochta a chuirtear ar fáil;

7. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Bheilg ar sheirbhísí pearsantaithe a sholáthar do na tairbhithe spriocdhírithe an 8 Lúnasa 2024 agus, dá bhrí sin, gur ón dáta sin go dtí 24 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh a ghabhann leis an rialachán seo a bheidh tréimhse na hincháilitheachta le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED;

8. ag tabhairt dá haire gur thosaigh an Bheilg ag tabhú caiteachas riaracháin chun CED a chur chun feidhme an 31 Iúil 2024 agus, dá bhrí sin, go mbeidh an caiteachas sin incháilithe le haghaidh ranníocaíocht airgeadais ó CED ón dáta sin go dtí 31 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh a ghabhann leis an rialachán seo;

9. á chur i bhfáth gur thug údaráis na Beilge dearbhú go n-urramófar prionsabail na córa comhionainne agus an neamh-idirdhealaithe sa rochtain ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe agus ina gcur chun feidhme, agus go gcoiscfear aon mhaoiniú dúbailte;

10. ag cur béim ar an bhfíoras gur gá aitheantas agus infheictheacht shoiléir chistiú an Aontais a áirithiú chun aird a tharraingt ar a bhreisluach; á iarraidh go ndéanfaí cumarsáid chomhsheasmhach

agus spriocdhírithe le tairbhithe, le húdaráis réigiúnacha agus áitiúla, le comhpháirtithe sóisialta, leis na meáin agus leis an bpobal i gcoitinne;

11. á athdhearbhú nach ceadmhach cúnamh ó CED a chur in ionad gníomhaíochtaí atá mar fhreagracht ar chuideachtaí, de bhua an dlí náisiúnta nó comhaontuithe comhchoiteanna;

12. ag formheas an chinnidh a ghabhann leis an rún seo;

13. á threorú dá hUachtarán an cinneadh a shíniú le hUachtarán na Comhairle agus socrú a dhéanamh dá fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*;

14. á threorú dá hUachtarán an rún seo, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le slógadh an Chiste Eorpaigh um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha tar éis iarratas ón mBeilg – EGF/2025/001 BE/BelGaN

(Ní dhéantar téacs na hiarscríbhinne seo a atáirgeadh anseo ós rud é go gcomhfhreagraíonn sé leis an ngníomh críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2025/2133.)